TUARASCÁIL BHLIANTÚIL
2008

an bord um
chuntais dhíomhaoine
the dormant
accounts board

ANNUAL REPORT
2008

30ú Márta 2008

Éamon Ó Cuív T.D.
An tAire Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta
Dún Aimhirgin
43-49 Bóthar Mespil
Baile Átha Cliath 4

A Aire Uasail,

Cuirim faoi do bhráid leis seo anois, de réir Alt 45(3) den Acht um Chuntais Dhíomhaoine (Leasú) 2005, Tuarascáil an Bhoird um Chuntais Dhíomhaoine don tréimhse 1ú Eanáir 2008 go dtí 31ú Nollaig 2008.

Leagtar príomhghníomhaíochtaí an Bhoird don tráth atá faoi chaibidil amach sa Tuarascáil agus áirítear inti eolas ábhartha faoi dhea-bhainistíocht ghnóthaí an Bhoird. Tugtar sonraí sna haguisíní atá faoi iamh sa tuarascáil faoi tháillí, faoi chostais agus faoi speansais an Bhoird i bhfeidhmiú a fheidhmeanna.

Ina theannta sin, ceanglaítear orm ós mé Cathaoirleach an Bhoird tuairisc a thabhairt duit de réir an Chóid Chleachtais um Rialú Comhlachtaí Stáit arna eisiúint ag an Roinn Airgeadais. Ó tharla go bhfuil roinnt den eolas céanna le tabhairt agam faoin dá cheanglas tá an t-eolas go léir curtha san áireamh agam in aon tuarascáil amháin.

D'earcaigh an Bord Comhairleoirí Eacnamaíocha Goodbody sa bhliain 2008 chun athbhreithniú a dhéanamh ar an dara babhta de cheaduithe faoi Chiste na gCuntas Díomhaoin agus cibé mar a chomhlíonann na ceaduithe seo an Plean arna ullmhú ag an mBord agus arna fhaomhadh ag an Rialtas. Is mór mar a chuideoidh an t-athbhreithniú seo leis an mBord machnamh a dhéanamh faoin gcaoi a gcuirfí beartais i dtoll a chéile i gcomhair an chéad Phlean eile. Tá achoimre ar na príomhthorthaí agus ar na moltaí a d'eascair as an tuarascáil curtha i láthair agam cheana féin agus ina theannta sin tá cóip den tuarascáil iomlán seolta ar aghaidh chuig do Roinn agam.

Beidh mé sásta aon eolas breise nó soiléiriú ar bith a bheadh uait i ndáil le Tuarascáil an Bhoird agus le mo thuarascáil chugat faoi réim an Chóid Chleachtais um Rialú Comhlachtaí Stáit a chur ar fáil.

Is mise, le meas,

_____
Michael Morley
Cathaoirleach

AN CLÁR

Tuarascáil Chathaoirleach an Bhoird um Chuntais Dhíomhaoine chuig an Aire Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta de réir mar a cheanglaítear faoin Acht um Chuntais Dhíomhaoine (Leasú) 2005 agus faoin gCód Cleachtais um Rialú Comhlachtaí Stáit don tréimhse 1 Eanáir – 31 Nollaig 2008.

Réamhrá

Forléargas ar 2008

Príomhghníomhaíochtaí na bliana 2008

Aguisín A: - Caiteachas an Bhoird 2008

Aguisín B: - Comhaltas an Bhoird um Chuntais Dhíomhaoine

Aguisín C: - Tinreamh ag Cruinnithe Boird 2008

Aguisín D: - Comhdhéanamh an Choiste Iniúchta agus Taifead Tinrimh ag Cruinnithe 2008

Aguisín E: - Liosta de Sholáthraithe Seirbhíse

Aguisín F: - Dearbhuithe an Chathaoirligh

Aguisín G: - Ráiteas an Chathaoirligh maidir leis an gCóras Rialaithe Inmheánaigh Airgeadais

Aguisín H :- Príomhchonclúidí agus Moltaí ag eascairt as an Tuarascáil a rinne Comhairleoirí Eacnamaíocha Goodbody ar an dara babhta de cheaduithe faoi Chiste na gCuntas Díomhaoin

Aguisín I : - Athbhreithniú ar Cheaduithe Bhabhta 1 mar a bhí ag deireadh mhí na Nollag 2008

Tuarascáil Chathaoirleach an Bhoird um Chuntais Dhíomhaoine chuig an Aire Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta de réir mar a cheanglaítear faoin Acht um Chuntais Dhíomhaoine (Leasú) 2005 agus faoin gCód Cleachtais um Rialú Comhlachtaí Stáit

Don tréimhse 1 Eanáir – 31 Nollaig 2008

Réamhrá:

Ullmhaíodh an tuarascáil seo de réir Alt 10 den Chód Cleachtais um Rialú Comhlachtaí Stáit. Is Bord Stáit neamhthráchtála é an Bord um Chuntais Dhíomhaoine agus tá leagan amach agus ábhar na tuarascála seo curtha in oiriúint chun an seasamh sin a léiriú. Níl feidhmeanna feidhmiúcháin ar bith ag an mBord agus is aonán é chun beartais a leagan amach agus chun monatóireacht a dhéanamh ar bheartais, agus sin amháin. Ina theannta sin, ceanglaíonn An tAcht um Chuntais Dhíomhaoine (Leasú) 2005 ar an mBord, ag tráth nach déanaí ná an 30ú Meitheamh gach bliain, tuairisc ar fheidhmiú a fheidhmeanna le linn na bliana airgeadais roimhe sin a thabhairt agus a áireamh sa tuarascáil:

(a) sonraí faoi na costais agus na speansais a thabhaigh an Bord i bhfeidhmiú a fheidhmeanna faoin Acht seo,
(b) sonraí faoi thorthaí athbhreithnithe agus measúnuithe faoi alt 31(1)(b) agus
(c) aon eolas eile a shonródh an tAire

Is í seo an tríú Tuarascáil ón mBord um Chuntais Dhíomhaoine agus áirítear léi an tréimhse idir 1ú Eanáir 2008 go 31ú Nollaig 2008. Déantar athbhreithniú sa tuarascáil seo ar ghníomhaíochtaí an Bhoird i rith na bliana, ar an dul chun cinn a rinneadh i gcur i bhfeidhm oibleagáidí agus feidhmeanna reachtacha agus tugtar cuntas inti ar ghníomhaíochtaí airgeadais. Chomh maith leis na ceanglais reachtúla a bhaineann le tuairisciú a chomhlíonadh, leagtar amach sonraí faoi chomhaltas an Bhoird, faoi thinreamh ag cruinnithe agus ag fochoistí an Bhoird in Aguisín B agus C. Leagtar amach liosta de sholáthraithe seirbhíse in Aguisín E. Leagtar amach dearbhuithe an Chathaoirligh in Aguisín F agus leagtar amach Ráiteas an Chathaoirligh maidir leis an gCóras Rialaithe Inmheánaigh Airgeadais in Aguisín G.

Tá an Bord, agus mise mar Chathaoirleach, an-bhuíoch as an gcabhair a tháinig ón Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta agus as obair éifeachtach agus ghairmiúil na Rúnaireachta chun tacú le hobair an Bhoird.

Cé nach leis an mbliain 2008 amháin is mó a bhaineann sé is cás mór imní don Bhord go bhfuil an Ciste á fholmhú. Tionóladh líon áirithe de chruinnithe idir an Bord agus Ranna éagsúla Rialtais maidir leis an tsaincheist seo. D'aithin an Bord líon áirithe réimsí trína bhféadfaí méid an mhaoinithe atá ar fáil a mhéadú lena dháileadh sa todhchaí agus ba mhór againn na réimsí sin a phlé leat nó le d'oifigigh. Idir an dá linn tá an Bord i mbun ullmhúcháin ar phlean nua trí bliana arna cheangal air faoin reachtaíocht, bunaithe ar na hacmhainní reatha maoinithe.

Michael Morley
Cathaoirleach

Forléargas ar 2008

Bunaíodh an Bord ar an 4ú Eanáir 2006 tar éis achtú an Achta Um Chuntais Dhíomhaoine (Leasú) 2005.

Leagtar amach feidhmeanna an Bhoird in alt 31(1) den reachtaíocht seo agus is mar seo a leanas atá siad:

(a) plean eisíocaíochtaí airgid faoi Chuid 6, a ullmhú agus a chur faoi bhráid an Aire, de réir Alt 42,

(b) athbhreithniú agus measúnú a dhéanamh ó am go ham-
  (i) ar a mhéid is a comhlíonadh na cuspóirí atá sonraithe sa phlean
  (ii) ar éifeachtacht na straitéisí atá sonraithe sa phlean, agus
  (iii) ar phatrún agus ar thionchar na n-eisíocaíochtaí faoi Chuid 6, lena n-áirítear a fháil amach ar tharla gníomhaíochtaí nach mbeadh tarlaithe d'uireasa na n-eisíocaíochtaí sin.

(c) tuarascálacha a chur faoi bhráid an Aire faoi alt 45(3).

Soláthraíonn an tAcht um Chuntais Dhíomhaoine, 2001, chomh maith leis an Acht um Polasaithe Árachais Saoil Neamhéilithe, 2003 agus an tAcht um Chuntais Dhíomhaoine (Leasú) 2005 creat chun na cuntais neamhéilithe in institiúidí creidmheasa (.i. bainc, cumainn foirgníochta agus An Post) agus na polasaithe árachais saoil neamhéilithe i ngnóthais árachais a riar. Is é príomhchuspóir na reachtaíochta sealbhóirí cuntas/polasaí a athcheangal lena gcistí in institiúidí creidmheasa/i ngnóthais árachais agus, maidir leis sin, ceanglaítear ar institiúidí/ar ghnóthais céimeanna a ghlacadh chun úinéirí cuntas díomhaoin agus polasaithe árachais saoil neamhéilithe a aithint agus teagmháil a dhéanamh leo.

Aistríonn na hinstitiúidí airgeadais/na gnóthais árachais cuntais dhíomhaoine/polasaithe árachais saoil neamhéilithe, nach bhfuil athéilithe ag an sealbhóir bunaidh cuntais/polasaí ná ag a dtairbhithe, gach bliain chuig Ciste na gCuntas Díomhaoin (an Ciste) arna bhainistiú ag Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta. Déantar an t-aistriú airgid ar an mbonn go mbeidh ceart ráthaithe athéilimh ar a mhaoin/ar a maoin ag an úinéir tairbhiúil ag aon tráth sa todhchaí.

Tugadh isteach scéim le haghaidh eisíocaíocht cistí nach móide go n-athéileofar iad, faoin reachtaíocht chomh maith. Ba é Bord Eisíocaíochtaí Chiste na gCuntas Díomhaoin a bhí freagrach i dtús báire as maoirseacht a dhéanamh ar eisíocaíocht an airgid sin as an gCiste. Is é an Rialtas atá freagrach i láthair na huaire as cinntí maidir le heisíocaíochtaí de bhun achtú an Achta Um Chuntais Dhíomhaoine (Leasú) 2005. Is é ról an Bhoird um Chuntais Dhíomhaoine comhairle neamhspleách a thabhairt agus gníomhú mar bhreathmheastóir criticiúil maidir le cinntí an Rialtais. Ghlac an Bord um Chuntais Dhíomhaoine freagracht air féin chomh maith maidir leis na cinntí eisíocaíochtaí a rinne iarBhord Eisíocaíochtaí Chiste na gCuntas Díomhaoin.

Ba iad seo a leanas príomhghníomhaíochtaí an Bhoird le linn 2008:

Príomhghníomhaíochtaí sa bhliain 2008:

1. Ceaduithe an iarBhoird a bhainistiú

Lean an Bord de bheith ag déanamh maoirseachta ar eisíocaíocht airgid as an gCiste, próiseas a thosaigh an t-iarBhord. Lean Pobal ag riar an chéad bhabhta maoinithe as cuntais dhíomhaoine. Is é ról an Bhoird monatóireacht a dhéanamh ar eisíocaíochtaí, athruithe ar na tionscadail a fhaomhadh agus ceaduithe a chur as feidhm i gcás go roghnaíonn tionscadail gan leanúint ar aghaidh nó i gcás nach gcaitheann siad iomlán na suime a faomhadh.
Bhí níos mó agus níos mó baint ag an mBord, le linn 2008, le cúrsaí riaracháin a bhaineann le ceaduithe an iarBhoird. Go sonrach bhí líon níos mó de thionscadail a raibh na nithe seo a leanas á lorg acu:

- Fadú ama. Ba ghá an fadú ama chun go mbeadh ar chumas na dtionscadal bailchríoch a chur ar a gcláir chaiteachais.
- Ath-leithdháiltí. Baineann na hath-leithdháiltí le cistí a aistriú ó chaipiteal go hioncam nó ó ioncam go caipiteal. Gnáthchleachtas is ea é sin ó tharla gurbh aisteach an rud é dá bhforfheidhmeofaí tionscadal go díreach de réir an iarratais ar dheontas.

Bhí an Bord ar an airdeall i ngach ceann de na catagóirí thuas faoi riachtanais na dtionscnóirí agus araile agus d'aontaigh sé leis an iarratas, nuair ab fhéidir é, i gcás go mbeadh an t-iarratas sin taobh istigh de na treoirlínte faofa.
Ina theannta sin tháinig ardú ar an líon ceaduithe a cuireadh as feidhm go deonach. Tharla sé sin de bharr gur aontaigh tionscadal go deonach iarmhéid nár caitheadh as an tsuim a faomhadh a chur as feidhm. Tarlaíonn amhlaidh i gcás:

- nach mbíonn na meastacháin bhunaidh iomlán cruinn
- nach dtéann an tionscadal ar aghaidh mar a bhíonn beartaithe agus faofa
- nach gcaitear an t-airgead go léir a faomhadh
- nach leantar ar aghaidh leis an tionscadal ar chor ar bith

Tháinig méadú chomh maith ar an líon de cheaduithe a cuireadh as feidhm go neamhdheonach, i gcás gur chuir an Bord, agus é ag déanamh de réir mholadh Pobal, suim nó iarmhéid den mhéid a faomhadh ar ceal. Tarlaíonn amhlaidh den chuid is mó más rud é nach leantar leis an tionscadal nó más rud é gur mian le tionscnóirí an tionscadail leanúint ar aghaidh ar shlí eile seachas ar an tslí a faomhadh i dtús báire. In imthosca den sórt ní bhíonn an dara rogha ag an mBord ach an deontas a chur as feidhm.

Feidhm thábhachtach is ea na ceaduithe faoin gcéad bhabhta a bhainistiú ós go mbaineann impleachtaí airgeadais leis na cinntí a dhéanann an Bord.

Chuir an t-ualach oibre méadaithe seo ualach breise ar Phobal chomh maith agus chuige sin, ba mhaith leis an mBord aitheantas a thabhairt don bhealach fíorghairmiúil trína riarann Pobal na deontais ar son an Bhoird.

Tá achoimre mhionsonraithe ar cheaduithe Bhabhta 1, mar a bhí Nollaig 2008, in Aguisín H den tuarascáil seo.

Tá an Bord freagrach freisin as an treoir a eisiúint ar Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta chun airgead as an gCiste a scaoileadh amach ar Phobal maidir le maoiniú Bhabhta 1.

2. Monatóireacht a dhéanamh ar Phróiseas Iarratais agus Faofa Bhabhtaí de Cheaduithe arna ndéanamh ina dhiaidh sin ag an Rialtas.

Bhí an Bord gníomhach i mbun monatóireachta le linn 2008 ar an dul chun cinn ar bhabhtaí de dheontais a faomhadh arna riar ag na Ranna Rialtais. Bhí an Bord sásta, tríd is tríd, leis an mbealach a cuireadh an próiseas i bhfeidhm ach ba dheacair dó ar uairibh eolas a fháil ar na próisis a tharla i ndáiríre.

Bhí díocas ar an mBord a chinntiú, go háirithe, chomh fada is a d'fhéadfadh siad, go raibh an próiseas iarratais agus na critéir roghnaithe de réir an Phlean arna fhaomhadh ag an Rialtas. Ba chás leis an mBord go mion minic nach raibh na próisis ná na critéir arna gcur i bhfeidhm ag an Roinn Oideachais agus Eolaíochta go huile agus go hiomlán de réir an Phlean.

Is cóir a thabhairt faoi deara, áfach, gur chas an Bord, ag a chruinniú an Mháirt an 13 Bealtaine 2008, le hionadaí ón Roinn Oideachais agus Eolaíochta, a chuir deireadh leis an gcás imní a bhí ar an mBord. Tharla babhtaí comhfhreagrais idir an Bord agus an Roinn ina dhiaidh sin agus ba litir mhionsonraithe ón Ard-Rúnaí inar tugadh soiléiriú ar shaincheisteanna a bhí fágtha gan réiteach a dtoradh sin.

Chuaigh an Bord i muinín Comhairleoirí Eacnamaíocha Goodbody chun tabhairt faoi athbhreithniú ar cheaduithe Bhabhta 2. Tá achoimre ar na conclúidí agus na moltaí a dhéantar sa tuarascáil sin in Aguisín H den tuarascáil seo.

3. Leabhrán Bolscaireachta maidir le Cás-Staidéar

Sheol an tAire Éamon O'Cuív tuarascáil bholscaireachta *Empowering Communities by Tackling Disadvantage* [Pobail a Chumasú Tabhairt Faoi Mhíbhuntáiste] an 23ú Eanáir 2008. Ba í aidhm an leabhráin eolas a scaipeadh ar an bpobal i gcoitinne faoin rath agus faoin tionchar a bhí ag an gcéad bhabhta de Mhaoiniú as na Cuntais Dhíomhaoine. Ba 32 cás-staidéar ar thionscadail lenar bhain 10 dtéama míbhuntáiste a bhí sa doiciméad. Scaip Pobal agus an Bord um Chuntais Dhíomhaoine cóipeanna den tuarascáil seo go forleathan ar leabharlanna, údaráis áitiúla, comhordaitheoirí RAPID, tionscadail forbartha pobail agus cuideachtaí forbartha áitiúla.

4. Clár Iniúchtaí agus Monatóireachta

Lean an Bord le clár iniúchtaí chun a chinntiú go rabhthas ag comhlíonadh Plean agus rialachas cuí an Bhoird. Bhí Coiste Iniúchta an Bhoird, ach go háirithe, gníomhach agus chas Deloitte & Touche, a chuireann feidhm iniúchta inmheánaigh ar fáil don Bhord, leis an gCoiste Iniúchta i mí Dheireadh Fómhair 2008 agus chinn sé nár ghá an t-iniúchadh sa bhliain 2009 mar go raibh próiseas críochnúil iniúchta san áireamh san athbhreithniú a rinne Comhairleoirí Eacnamaíocha Goodbody ar eisíocaíochtaí a rinneadh san am atá caite. Fionnachtana dearfacha a tháinig as an

athbhreithniú a rinne Goodbody agus ba mhionfhadhbanna an líon beag réimsí a luadh agus tá réiteach faighte orthusan.

Tá an Cathaoirleach agus an Bord dóchasach, cé nach féidir ráthaíocht chinnte a thabhairt i gcoinne earráid ábhartha, go bhfuil na córais atá curtha i bhfeidhm téagartha agus go gcinnteoidh siad go gcaithfear an t-airgead a eisíoctar as an gCiste de réir na sainchoinníollacha a bhaineann le gach eisíocaíocht.

5. Próiseas Athbhreithnithe a Bhunú

Mar a luaitear i míreanna eile sa tuarascáil seo, ba mhó agus ba mhó an bhaint a bhí ag an mBord leis an bpróiseas a bhain le deontais a chur as feidhm. Aontaíodh, ós go mbaineann an próiseas seo i ndáiríre le deontas a d'fhaomh an t-iarBhord a chur ar ceal, gur ghá bealach a thabhairt do thionscadail den sórt chun athbhreithniú a fháil ar an gcinneadh sin. Dá réir sin, cheap an Bord an Coiste Iniúchta sin ina Choiste Athbhreithnithe ar thionscadail ar bith gur mhian leo go ndéanfaí athbhreithniú ar an gcinneadh an deontas a chur as feidhm.

6. Rialachas Corparáideach agus Riarachán an Bhoird

Tá Cód Iompair Ghnó, a bhaineann go sonrach lena riachtanais féin, aontaithe agus glactha leis ag an mBord agus tá an Cód de réir na gceanglas a leagtar amach sa Chód Cleachtais um Rialú Comhlachtaí Stáit. Leagtar amach múnla scothchleachtais de struchtúir rialachais chorparáidigh don Bhord sa chód, lena n-áirítear ceanglais dhlíthiúla, chuntasachta agus ceanglais fhoirmiúla bhainistíochta eile atá sa reachtaíocht, a chomhlíonadh.

Tugann rúnaireacht bheag ar a bhfuil ball amháin d'fhoireann na Roinne Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta tacaíocht don Bhord. Chuaigh an Bord i muinín comhairleoir seachtrach (An tUas. David Lovegrove, iar-Rúnaí Forfás) i dtús báire i mí Feabhra na bliana 2006 chun tacú leis an mBord san obair a bhíonn idir lámha aige. Bhí an fheidhm seo faoi réir próiseas iomaíoch tairisceana i dtús na bliana 2008 agus bhronn an Bord conradh trí bliana ar an Uasal Lovegrove dá thoradh.
Áirítear lena ról comhairle a chur ar an mBord i ndáil le hullmhú agus le forfheidhmiú an Phlean Eisíocaíochtaí agus le forfheidhmiú struchtúir chuí rialachais don Bhord agus don Rúnaireacht.
Áiríodh na feidhmeanna seo a leanas ar obair na Rúnaireachta go dáta:

- rúnaireacht éifeachtach a sholáthar ag cruinnithe an Bhoird;
- cuidiú a thabhairt don Bhord le hullmhú an Phlean Eisíocaíochta;

Aguisín A

Caiteachas 2008

Ní		Méid €
Táillí an Bhoird 2008 (ÍMAT san áireamh)		79,498.00
Costais an Bhoird:		
Taisteal & Liúntas Cothaithe	5,914.92	
Costais ó chruinnithe	2,294.04	8,208.96
Táillí Comhairleoireachta:		
Comhairleoir an Bhoird	41,080.61	
Goodbody	39,286.99	
KMB	949.50	81,317.10
Costais árachais	10,567.07	10,567.07
Cló, Dearadh, Suíomh Gréasáin, Seoladh		
Comharthaíocht (Plaiceanna)	2,389.75	
Páirc (Cuirí)	5,239.30	
Q4 (PR)	3,887.73	
Eirtrade (Suíomh Gréasáin)	162.14	13,988.42
Davenport –Seoladh	2,309.50	
Aistriúchán	1,210.00	1,210.00
Comhairle Dlí		
Maples & Calder	5,118.18	5,118.18
Iomlán		**199,907.73**

Is € 199,907.73 don bhliain 2008 agus € 226,177.73 don bhliain 2007 an chomparáid idir na figiúirí

Aguisín B

Comhaltaí Boird an Bhoird um Chuntais Dhíomhaoine 2008

Cathaoirleach

Michael Morley (Iar-Rúnaí/Rialtóir Airgeadais ar Chomharchumann Connacht Gold)

Comhaltaí

Kate Feely (Príomh-Oibrí Sóisialta i Sláinte Leanaí agus Déagóirí)
Marion Hackett (Príomhoide)
Áine Hyland (Leas-Uachtarach Choláiste na hOllscoile, Corcaigh, ar scor)
Rosaleen Glackin (Iar-Leas-Ard-Rúnaí ar Aontas na Státseirbhíse agus na Seirbhíse Poiblí)
Noel McPartland (Stiúrthóir Cuideachta, gníomhach i ngrúpaí carthanúla agus grúpaí pobail)
Mary Maguire (Riarthóir Fostaíochta Pobail)
David Martin (Stiúrthóir Cuideachta)
Pat Farrell (Príomhfheidhmeannach, Cónaidhm Baincéireachta na hÉireann – d'éirigh sé as an mBord i mí Feabhra 2008)
Colin Wilson (Comhairleoir Cánach)
Des Gunning (Gobharnóir ar Ospidéal Ortaipéideach Corpraithe)
Eimer O'Rourke (Ceann na Baincéireachta Miondíola, Cónaidhm Baincéireachta na hÉireann – ceaptha in áit Pat Farrell)

Aguisín C

Taifead Tinrimh ag Cruinnithe an Bhoird 2008:

Tionóladh 10 gcruinniú Boird san iomlán sa bhliain 2008. Taispeántar taifead tinrimh chomhaltaí an Bhoird don bhliain 2008 thíos:

Comhalta	Na cruinnithe a ndearnadh freastal orthu	Líon na gcruinnithe a rabhthas i dteideal freastal orthu
Michael Morley	10	10
Kate Feely	8	10
Rosaleen Glackin	5	10
Marian Hackett	9	10
Áine Hyland	9	10
David Martin	9	10
Noel Mc Partland	9	10
Mary Maguire	8	10
Colin Wilson	10	10
Des Gunning	9	9
Eimer O'Rourke	6	7
Pat Farrell	1	1

Aguisín D

Comhdhéanamh an Choiste Iniúchta agus Taifead Tinrimh ag Cruinnithe sa bhliain 2008:

Fochoistí an Bhoird

An Coiste Iniúchta

Bunaíodh an Coiste Iniúchta sa bhliain 2006 agus cuireann sé feidhm athbhreithnithe neamhspleách agus feidhm chomhairliúcháin ar fáil i gcomhar leis an mBord i ndáil le leorgacht agus éifeachtúlacht na rialuithe agus na gcóras agus a n-oibríocht.
Tionóladh an coiste seo 6 huaire sa bhliain 2008.

Comhalta	Na cruinnithe a ndearnadh freastal orthu	Líon Iomlán na gCruinnithe
David Martin	6	6
Marian Hackett	6	6
Colin Wilson	6	6

Aguisín E

Liosta de Sholáthraithe Seirbhíse sa bhliain 2008

Tugadh faoi deara go raibh conradh ag na soláthraithe seirbhíse seo a leanas leis an mBord.

- **Árachas**

Tar éis próiseas tairisceana le linn 2003 d'éirigh le Marsh Ireland Teo. ina iarratas ar an gconradh chun clár árachais a chur ar fáil do Bhord Eisíocaíochtaí Chiste na gCuntas Díomhaoin. Fuarthas faomhadh ón Aire don cheapachán seo agus lean Marsh Ireland Teo. ag soláthar na seirbhíse seo don Bhord tar éis a bhunaithe i mí Eanáir 2006. Is fiú a chur in iúl go bhfuil an phréimh bhliantúil ar árachas an Bhoird ag laghdú go leanúnach ó tharla go bhfuil an dliteanas ag laghdú. Ina theannta sin, ba mhór an laghdú a tháinig ar an bpréimh don bhliain 2009 tar éis don Bhord idirghabháil a dhéanamh.

- **Comhairleoir an Bhoird**

Cheadaigh an Bord i mí Feabhra na bliana 2008 ceapachán de dhuine/soláthraí ag a mbeadh na cáilíochtaí cuí chun seirbhís chomhairliúcháin a sholáthar don Bhord chun cuidiú leis a fheidhmeanna reachtúla a chur i gcrích. Tar éis próiseas tairisceana d'éirigh le David Lovegrove de chuid Lovegrove & Associates ina iarratas ar an gconradh chun seirbhísí comhairliúcháin a sholáthar don Bhord. Fuarthas faomhadh ón Aire don cheapachán seo.

- **Comhairleoirí Eacnamaíocha Goodbody**

Bhunaigh an Bord comhaontú ilpháirtí idir chomhairleoirí eacnamaíocha oiriúnacha ar chreat 3 bliana i mí an Mhárta 2007 chun seirbhísí a sholáthar chun athbhreithniú agus measúnú a dhéanamh ar phleananna agus ar straitéisí maidir le heisíocaíochtaí as an gCiste. Bronnadh an comhaontú seo ar thrí chuideachta de chomhairleoirí eacnamaíocha: Comhairleoirí Idirnáisiúnta Eacnamaíocha Indecon, Comhairleoirí Eacnamaíocha Goodbody agus EPS Consulting Ltd. Bronnadh an conradh bunaidh (chun athbhreithniú a dhéanamh ar a éifeachtaí is a bhí eisíocaíochtaí san am atá caite agus chun moltaí a thabhairt ar shraith beart a chuirfí i bhfeidhm ar athbhreithnithe sa todhchaí) ar Chomhairleoirí Eacnamaíocha Goodbody i mí an Mhárta 2007. Bronnadh conradh eile ar Chomhairleoirí Eacnamaíocha Goodbody chun measúnú a dhéanamh ar éifeachtacht na gceaduithe a faomhadh faoi Bhabhta 2 de scéim maoinithe na gCuntas Díomhaoin agus a mhéid is a chomhlíon na ceaduithe sin an reachtaíocht ábhartha agus Phlean Eisíocaíochtaí an Bhoird.

- **Comhairle Dlí**

Fostaíodh Maples & Calder chun comhairle dlí a chur ar an mBord sa bhliain 2008. Tháinig siad in ionad Kennedy, McGonagle, Ballagh (KMB) na hiar-sholáthraithe.

- **Seoladh an Bhróisiúir**

Seoladh foilseachán dar teideal *Empowering Communities by Tackling Disadvantage* [Pobail a Chumasú Tabhairt Faoi Mhíbhuntáiste] i mí Eanáir 2008 inar tugadh cur síos ar roinnt de na tionscadail a ndeachaigh Ciste na gCuntas Díomhaoin chun tairbhe go díreach dóibh. Fostaíodh na gnóthais seo a leanas chun seirbhísí a sholáthar i ndáil leis an seoladh:

Obair chlódóireachta - Park Printing
Caidreamh Poiblí - Q4
Plaiceanna a chur ar fáil - Sign Warehouse

Aguisín F

Dearbhuithe an Chathaoirligh:

1. Dearbhaím gur cuireadh na nósanna imeachta cuí maidir le tuairisciú airgeadais, iniúchadh inmheánach agus soláthar i bhfeidhm. Tá Coiste Iniúchta, ar a bhfuil triúr Comhalta Boird, bunaithe ag an mBord agus tá Téarmaí Tagartha atá faofa ag an mBord, ag an gCoiste. Tionóltar an Coiste Iniúchta go rialta agus tá clár iniúchtaí glactha aige atá á fhorfheidhmiú ag na hiniúchóirí inmheánacha.

   Ceanglaím leis seo ráiteas (Aguisín G) de chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais an Bhoird san fhormáid atá leagtha amach in Aguisín E den Chód Cleachtais um Rialú Comhlachtaí Stáit.

2. Dearbhaím, le linn na tréimhse idir lámha sa tuarascáil seo, nár bhunaigh an Bord fochuideachtaí ná comhfhiontair ar bith na nach bhfuair sé scaireanna ar bith nó nach ndeachaigh sé i mbun gníomhaíochtaí ar bith den sórt sin.

3. Dearbhaím, le linn na tréimhse idir lámha sa tuarascáil seo, nach bhfuair an Bord sócmhainní ar bith de chineál tráchtála agus nár chuir an Bord sócmhainní ar bith de láimh.

4. Dearbhaím gur cloíodh leis an gCód Iompair Ghnó a d'fhorbair agus a ghlac an Bord.

5. Deimhním go bhfuil treoirlínte an Rialtais maidir le táillí a íoc le Comhaltaí Boird Stáit, á gcomhlíonadh. Chuige sin tá íocaíocht na dtáillí le Comhaltaí an Bhoird de réir an cheadaithe a bhí faighte ón Aire Airgeadais.

6. Deimhním, seachas an measúnú ar mholtaí Pobal maidir le ceaduithe atá tugtha cheana féin a leithdháileadh arís nó a chur as feidhm, nach ndeachaigh an Bord i mbun measúnú ná bainistíochta ar thograí caiteachais chaipitil ar bith le linn na tréimhse atá idir lámha sa tuarascáil seo dá thairbhesean de.

7. Deimhním gur chomhlíon an Bord a dhualgais faoi na dlíthe cánach.

8. Deimhním go bhfuil an Cód Cleachtais um Rialú Comhlachtaí Stáit glactha ag an mBord agus go bhfuiltear á chomhlíonadh go hiomlán de réir mar is cuí i gcás Bord Stáit neamhthráchtála.

_____

Michael Morley
Cathaoirleach
30 Márta 2009

Aguisín G

Ráiteas an Chathaoirligh maidir leis an gCóras Rialaithe Inmheánaigh Airgeadais

Is é/í Cathaoirleach an Bhoird um Chuntais Dhíomhaoine atá freagrach as a chinntiú go bhfeidhmíonn córas rialaithe inmheánaigh airgeadais an Bhoird de réir na gcaighdeán gairmiúil is airde. Bunaíodh Coiste Iniúchta, ar a bhfuil triúr comhalta den Bhord, agus tá sé freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar fheidhm iniúchta inmheánaigh an Bhoird. Tá feidhmeanna, dualgais agus téarmaí tagartha an Choiste Iniúchta faofa ag an mBord.

Níl na hacmhainní riaracháin ag an mBord féin chun an fheidhm iniúchta inmheánaigh a fheidhmiú agus dá bhrí sin ghlac sé saineolas seachtrach chun tabhairt faoin ról sin ar a shon. Ceapadh Deloitte & Touche mar iniúchóirí inmheánacha don iarBhord agus lean an Bord reatha air ag úsáid a gcuid seirbhísí. Tuairiscíonn na hiniúchóirí inmheánacha, trí bhíthin Chathaoirleach an Choiste sin, go díreach chuig an gCoiste Iniúchta.

Tá Plean Straitéiseach Iniúchta Inmheánaigh ullmhaithe ag Deloitte agus sonraítear ann an ghníomhaíocht iniúchta a bhfuil sé beartaithe í a ghlacadh. Rinne an Coiste Iniúchta athbhreithniú ar an bPlean seo agus d'fhaomh sé é. Lean Deloitte orthu le linn 2006 ag forfheidhmiú an phlean seo. Ós rud é go bhfuil laghdú tagtha ar fhreagrachtaí an Bhoird laghdaíodh réim an chláir iniúchta sa bhliain 2008 agus d'aontaigh an Bord ina dhiaidh sin nár ghá feidhm iniúchta a bheith aige.

Nuair a bhíonn na hiniúchóirí inmheánacha i mbun oibre tástáiltear réimsí sonracha atá clúdaithe faoi chairt an Choiste Iniúchta chun a chinntiú go mbíonn an Bord ag comhlíonadh na gceanglas go léir. Tá athbhreithniú déanta ag na hiniúchóirí inmheánacha chomh maith ar na córais atá i bhfeidhm in Pobal i ndáil lena ról chun an clár maoinithe a riar.

Is beag an baol go ndéanfaí drochbhainistíocht ar chúrsaí airgeadais ó tharla an sainordú atá ag an mBord, arna leagan amach sa reachtaíocht, a bhaineann le beartais a leagan amach agus monatóireacht a dhéanamh ar bheartais agus gan feidhmeanna feidhmiúcháin ar bith a bheith i gceist. Tá nósanna imeachta soláthair na Roinne Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta glactha ag an mBord. Ina theannta sin is í Rannóg Cuntasaíochta na Roinne a phróiseálann na híocaíochtaí go léir a bhaineann le gníomhaíochtaí an Bhoird agus ní mór dó cloí leis na nósanna imeachta go léir a bhaineann leis an Roinn.

Thuairiscigh an Coiste Iniúchta, le linn na bliana 2008, chuig an mBord go rialta i ndáil le gníomhaíocht leanúnach. Tá an Cathaoirleach agus an Bord dóchasach, cé nach féidir ráthaíocht chinnte a thabhairt i gcoinne earráid ábhartha, go bhfuil na córais atá curtha i bhfeidhm téagartha agus go gcinnteoidh siad go gcaithfear an t-airgead a eisíoctar as an gCiste de réir na sainchoinníollacha a bhaineann le gach eisíocaíocht.

Aguisín H

Príomhchonclúidí agus moltaí ag eascairt as an Tuarascáil a rinne Comhairleoirí Eacnamaíocha Goodbody

Conclúidí

- Leithdháladh €74.6 milliún de mhaoiniú i leith 3,785 tionscadal go foriomlán faoi Bhabhta 2 de scéim maoinithe na gCuntas Díomhaoin. B'ar na tionscadail lena mbaineann an téama 'Míbhuntáiste Eacnamaíoch agus Sóisialta' a leithdháladh an sciar ba mhó den mhaoiniú, €29.7 milliún, b'ar na tionscadail lena mbaineann an téama 'Míchumas' a leithdháladh an dara sciar ba mhó, (€23.9 milliún), agus b'ar na tionscadail lena mbaineann an téama 'Oideachas' a leithdháladh an tríú sciar ba mhó, (€20.9 milliún).

- Bhí €29.2 milliún nó 34.3 faoin gcéad de na cistí iomlána a faomhadh faoi na Bearta éagsúla Maoinithe tarraingthe anuas faoi dheireadh na Bealtaine 2008. Ba iad na tionscadail a bhíonn ag dul i ngleic le Míbhuntáiste Eacnamaíoch agus Sóisialta ba mhó a tharraing anuas a gcistí (39.1 faoin gcéad), tháinig na tionscadail a bhíonn ag dul i ngleic le Míbhuntáiste Oideachais (37.1 faoin gcéad) i ndiaidh na dtionscadal sin. Rinne tionscadail a bhíonn dírithe ar Dhaoine faoi Mhíchumas an dul chun cinn ba lú go foriomlán ó tharla nár tarraingíodh anuas ach 24.8 faoin gcéad de na cistí faoin 31ú Bealtaine 2008.

- Baineadh an-úsáid, tríd is tríd, i mBabhta 2 as an gciall cheannaithe a fuarthas as a bheith ag riar Bhabhta 1. Taispeántar in anailís chomparáideach a rinneadh ar *thionscadail chaipitil amháin* gur ghiorra go mór, tríd is tríd, na meánscálaí ama i mBabhta 2 ná meánscálaí ama Bhabhta 1, ach tús a bheith curtha le bearta.

- Leag an lear mór beart a forfheidhmíodh ualach ar chumas Pobal agus na Roinne Oideachais. Dátaí tosaithe agaithe an toradh a bhí leis sin agus d'fhéadfadh gurbh iad ba chúis leis an moill a bhain le sonraí a chur i dtoll a chéile don tuarascáil seo agus don mhonatóireacht i gcoitinne. Cuireadh leis an easpa críochnúlachta san eolas monatóireachta ó tharla nach raibh aon ghníomhaireacht aonair amháin freagrach as na bearta go léir a riar.

- Is mór an tábhacht a leagtar sa bheart agus san iarratas tionscadail agus sna córais bhreithmheasa gur gá an riachtanas a thaispeáint. Ós gur tugadh suimeanna beaga do líon mór tionscadal as na bearta ní mór amhras éigin a bheith ann maidir le cibé ar tugadh tús áite i gcónaí do na riachtanais ba phráinní. Tá sé le tuiscint ón bhfianaise as na tionscadail go *ndearnadh* iarrachtaí chun riachtanas a aithint agus gur deimhníodh an riachtanas sin ina dhiaidh sin i bhformhór na gcásanna.

- Maidir le breis oibre, chreid formhór na n-urraithe tionscadail sna cás-staidéir agus sholáthair siad fianaise starógach go raibh gníomhaíochtaí ar bun acu nach mbeadh ar bun d'uireasa a dtionscnamh féin.

- Tá inbhuanaitheacht na dtionscadal caipiteal sách maith. Baineann saincheisteanna inbhuanaitheachta le formhór na dtionscadal oibríochta áfach de réir fhianaise na gcás-staidéar. Ardaíonn sé sin ceisteanna faoi ról chiste na gCuntas Díomhaoin maidir le tionscadail oibríochta ó thaobh bhuantairbhe na dtionscadal a forfheidhmíodh, a mhéid is a ardaíonn siad ionchais nach gcomhlíontar ina dhiaidh sin, agus an tábhacht choibhneasta idir tionscadail a mhaoiniú chun seirbhísí a chur ar fáil agus cineálacha nua cur chuige i leith soláthar seirbhíse a thástáil.

- De réir na fianaise a cuireadh ar fáil do na comhairleoirí, is í a dtuairim bhreithnithe go bhfuarthas an Luach ar Airgead, tríd is tríd, as maoiniú Bhabhta 2.

- Dírítear an fócas maidir le táscairí feidhmíochta agus monatóireacht ar obair thionscanta tionscadail agus ar fhaomhadh a fháil don mhaoiniú den chuid is mó. Is gá do na páirtithe leasmhara go léir lena mbaineann acmhainní a chomhdhlúthú ar bhealach níos fearr chun feidhmíocht a thomhas *post hoc*.

- Is gá feabhas a chur ar an modheolaíocht a chuirtear i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht tionscadal. Teipeann ar an gcóras atá ann anois léargas a thabhairt ar mhéid agus ar chineál na n-aschur agus na dtionchar a bhíonn ag na tionscadail. Cás casta dá bhrí sin é aschuir agus tionchair na dtionscadal a shuíomh.

- Maidir leis an measúnú, níl bealach córasach i bhfeidhm dá bhrí sin trína bhféadfaí tionscadail, ina bhféadfadh go ndearnadh dul chun cinn maidir le ceachtanna a fhoghlaim, a aithint go héasca agus a thuilleadh anailíse a dhéanamh orthu.

Moltaí

- Is gá athmheasúnú a dhéanamh ar dhearadh agus ar chomhdhéanamh na mbeart maoinithe agus aird a thabhairt ar shaincheisteanna a thiocfadh chun cinn maidir le hinbhuanaitheacht tionscadal.

- Is cóir athbhreithniú a dhéanamh ar spriocanna straitéiseacha an mhaoinithe as na Cuntais Dhíomhaoine i bhfianaise na saincheisteanna inbhuanaitheachta, go háirithe ag féachaint don mheascán cuí idir tacaíocht i gcomhair soláthar seirbhíse agus gníomhartha nuálacha a fhorbairt i gcomhair príomhshruthaithe.

- Is cóir líon agus raon na mbeart i mbabhta ar bith sa todhchaí a bheith saincheaptha i leith chumas na ngníomhaireachtaí riaracháin, maidir leis na bearta a fhorfheidhmiú agus tuairisc a thabhairt orthu araon.

- Is gá glacadh le cur chuige níos téagartha maidir le feidhmíocht a thomhas agus tuairisc a thabhairt uirthi go háirithe sa tréimhse tar éis do chistí a bheith eisíoctha.

- Is gá do thionscadail rathúla a bheith níos téagartha ó thaobh feidhmíocht a thuairisciú ionas go gcuirfear leis na ceachtanna a foghlaimíodh.

- Más rud é go ndearnadh an chinnteoireacht a chineachadh ar ghníomhaireachtaí áitiúla is cóir cloí leis an bhfreagracht choimhdeachta 'tuairisciú ar ais'.

- Is cóir córas níos cuimsithí chun eolas bainistíochta a bhainistiú agus a chur i dtoll i gcomhair an Bhoird um Chuntais Dhíomhaoine a bhreithniú. D'fhéadfadh gurbh fhearr sin a dhéanamh trí bhíthin coiste aonair agus comhlacht forfheidhmithe.

- Leagadh amach cur chuige maidir le córas feabhsaithe i gcomhair táscairí feidhmíochta. Moltar go nglacfadh Pobal leis an gcur chuige leathan atá leagtha amach.

- Moltar, maidir le babhtaí maoinithe sa todhchaí, gurbh fhiú tionscadail a aithint a priori chun measúnú suntasach a dhéanamh orthu agus chun acmhainní a chur ar fáil do na tionscadail sin chun an obair sin a dhéanamh.

Aguisín I

Athbhreithniú ar Cheaduithe Bhabhta 1 mar a bhí ag deireadh mhí na Nollag 2008

Faomhadh 521 deontas san iomlán faoi Bhabhta 1 idir 2004-2005 agus b'ionann an tiomantas maoinithe sin agus €63,082,816. Riar Pobal 'Beart do Mhaoiniú Leanúntais' i gcomhair tionscadail oibríochta Bhabhta 1 a raibh iarratais á ndéanamh acu ar mhaoiniú príomhshrutha ar ghníomhaireachtaí poiblí faoi Bhabhta 3 agus tugadh tacaíocht leanúnach maoinithe sa bhreis do 45 tionscadal sa bhliain 2008. Ón Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta a tháinig an maoiniú don bheart leanúntais.

TÁBLA 1: BABHTA 1 ÍOCAÍOCHTAÍ DEONTAIS 2008

CISTE NA GCUNTAS DÍOMHAOIN
BABHTA 1 ÍOCAÍOCHTAÍ DEONTAIS 2008

óir	**Tionscadail a fuair Íocaíocht**	*Íocaíochtaí Deontais* **Iomlán €**
ntáiste Eacnamaíoch agus Sóisialta	98	4,771,152
ntáiste Oideachais	62	1,266,765
faoi mhíchumas	41	2,585,745
Iomláin	**201**	**8,623,662**

TÁBLA 2: BABHTA 1 – STÁDAS NA N-IARRATAS FAOFA

Líon a faomhadh	**Méid a faomhadh**	**Críochnaithe**	**Á nÍoc**	**Ar Conradh**	**Sa Phróiseas Chun an Deontas a chur As Feidhm (go hIomlán/i bPáirt)**	**Curtha as Feidhm**
521	€63,082,816	246	231	3	23	18

Ba 83% den mhaoiniú tiomanta a bhí tarraingthe anuas ag deireadh mhí na Nollag 2008 agus ba 17% an méid a bhí fágtha agus a bhí le héileamh ag deontaithe. Tugtar achoimre i dTábla 3 thíos ar an dul chun cinn a rinneadh faoi gach ceann de na sprioc-chatagóirí.

Ba iad na tionscadail a mhaoinítear faoin gcatagóir 'Míbhuntáiste Oideachais' ba mhó a rinne dul chun cinn: is 13% den mhaoiniú tiomanta atá fágtha fós le tarraingt anuas. Tugtar forléargas i dTábla 4 ar na híocaíochtaí a rinneadh faoi gach catagóir sa bhliain 2008.

TÁBLA 3: FORLÉARGAS AR BHABHTA A hAON MAR A BHÍ 31ú NOLLAIG 2008 (FOINSE: CUNTAIS BHAINISTÍOCHTA POBAL)

	Líon Grúpaí	Deontais a Faomhadh	Curtha as Feidhm	Líon Glan na nDeontas a Faomhadh	Noll-08	Íoctha go Dáta	Iarm Tarra
		€	€	€	€	€	
táiste Sóisialta & Eacnamaíoch -	129	19,252,475	-1,432,332	17,820,143	487,119	13,141,589	4,
táiste Sóisialta & Eacnamaíoch -	140	11,680,518	-438	11,680,080	106,308	10,610,326	1,
- Míbhuntáiste Sóisialta & Eacnamaíoch	***269***	***30,932,993***	***-1,432,770***	***29,500,223***	***593,427***	***23,751,915***	***5,***
táiste Oideachais - Caipiteal	34	1,970,400	-234,813	1,735,587	190	1,418,260	3
táiste Oideachais – Oibríocht	137	11,796,348	-204,664	11,591,684	99,695	10,181,059	1,
- Míbhuntáiste Oideachais	***171***	***13,766,748***	***-439,477***	***13,327,271***	***99,885***	***11,599,319***	***1,***
faoi Mhíchumas - Caipiteal	66	14,435,383	-151,856	14,283,527	155,851	11,602,186	2,
faoi Mhíchumas - Oibríocht	54	3,947,692	-245	3,947,447	27,154	3,377,147	5
- Daoine faoi Mhíchumas	***120***	***18,383,075***	***-152,101***	***18,230,974***	***183,005***	***14,979,333***	***3,***
eontais	**560**	**63,082,816**	**-2,024,348**	**61,058,468**	**876,317**	**50,330,567**	**10**

TÁBLA 4: GRÚPAÍ A RAIBH ÍOCAÍOCHT Á FÁIL GO LEANÚNACH ACU SA BHLIAIN 2008 DE RÉIR CATAGÓIRE

		Líon a Fuair Íocaíochtaí	
Babhta 1			
A	Caipiteal	41	3,491
	Oibríocht	57	1,279
		98	**4,771**
B	Caipiteal	6	95
	Oibríocht	56	1,171
		62	**1,266**
C	Caipiteal	20	2,157
	Oibríocht	21	428
		41	**2,585**
Babhta 1 Iomlán		**201**	**8,623**

Tábla 5 Stádas na nIarratas Faofa mar a bhí 31ú Nollaig 2008

Stádas an Tionscadail	**Catagóir A - Míbhuntáiste Eacnamaíoch agus Sóisialta**		**Catagóir B - Míbhuntáiste Oideachais**		**Catagóir C - Daoine faoi Mhíchumas**	
	Líon	%	Líon	%	Líon	%
Críochnaithe	122	48.4%	78	48.8%	46	42.2%
Tarraingthe Anuas i bPáirt	119	47.2%	74	46.3%	57	52.3%
Fós le Tarraingt Anuas	4	1.6%	1	0.6%	2	1.8%
Curtha as Feidhm	7	2.8%	7	4.4%	4	3.7%
Iomlán	252	100.0%	160	100.0%	109	100.0%

Dúnadh Bheart Bhabhta 1

Seoladh Babhta a hAon i mí na Samhna 2003. Ceadaíodh na chéad deontais sa bhliain 2004. Tugadh conradh do thionscadail faofa ina mbeadh trí bliana acu chun a dtionscadal a chur i gcrích agus inar ghá dóibh na téarmaí agus na coinníollacha sa chonradh a chomhlíonadh. Thug Pobal tacaíocht do na hiarratasóirí faofa agus é mar aidhm acu go bhforfheidhmeofaí a dtionscadail taobh istigh de scála ama an chonartha. D'éigean don Bhord na conarthaí a fhadú in go leor cásanna ionas go mbeadh an deis ag tionscadail a n-aidhmeanna agus a gcuspóirí a chomhlíonadh. Is í an phríomhchúis a bhíonn le conarthaí a fhadú go mbaineann moill go hiondúil le tionscadail faofa, go háirithe tionscadail chaipitil, a chur ar a mbonnaibh agus is gá conarthaí a fhadú go gearrthéarmach chun deis a thabhairt do na tionscadail na cistí tiomanta a bhíonn fágtha a tharraingt anuas.

Ba mhór an chabhair agus an tacaíocht a fuair tionscadail chun téarmaí agus coinníollacha a dtionscadal a chomhlíonadh. Le linn mhíonna deiridh 2008, bhí Pobal an-ghníomhach maidir le tionscadail, a raibh a gconarthaí caite agus nár léirigh ar aon bhealach suntasach go mbeidís ábalta téarmaí tairisceana an deontais a chomhlíonadh, a aithint. Baineann na bearta seo a leanas leis an bpróiseas chun deontais a chur as feidhm; eisítear litir ar an ngrúpa ag tabhairt fógra 30 lá dóibh agus ina n-iarrtar orthu téarmaí agus coinníollacha a dtairisceana a chomhlíonadh. Tar éis litir an fhógra 30 lá a eisiúint agus i gcás nach bhfaightear freagra sásúil, eisítear litir ina dtugtar fógra 14 lá don ghrúpa maidir le cur as feidhm an deontais. Iarrann roinnt grúpaí go ndéanfaí a ndeontas a chur as feidhm go deonach. Ag an bpointe sin cuireann Pobal liosta tionscadal i dtoll a chéile faoi dheontais a bheidh le cur as feidhm agus cuirtear an liosta faoi bhráid an Bhoird um Chuntais Dhíomhaoine. Breithníonn an Bord na moltaí sin ag na cruinnithe míosúla. Tugtar 28 lá do na grúpaí chun athbhreithniú a lorg ar chinneadh an Bhoird chun an deontas a chur as feidhm.